Class Code for Google Classroom Múinteoir Dearbhla: 3ld2kwi

Tá súil againn go bhfuil sibh go léir go maith! Tá an obair seo mar threoir dóibh don tseachtain seo. Ná bí faoi bhrú chun é go léir a fháil déanta, tá sé díreach mar chabhrú dóibh. Cuirfimid obair don tseachtain seo chugainn ar Aladdin Connect / Google Classroom. An féidir libh go léir cinntiú go leanann sibh na treoracha d'Aladdin nuair a théann sé amach ar an Aoine. Is féidir léamh faoi anseo:

https://dd7fc0c9-1ddb-4b81b9eb31ca87ece6.filesusr.com/ugd/4adc16_da85dbb9f14b41c99ca6df769942bc12.pdf

Go raibh maith agaibh go léir!

We hope that you are all doing well! This work is a guideline for the rest of this week. Don't put yourselves under any extra pressure to get it all done, it is only there as help. We will upload work for next week on Aladdin Connect / Google classroom. Can you all ensure that you follow the guidelines for Aladdin when you receive the link for it on Friday. You can read about Aladdin Connect and the directions here: https://dd7fc0c9-1ddb-4b81-b982-eb31ca87ece6.filesusr.com/ugd/4adc16_da85dbb9f14b41c99ca6df769942bc12.pdf

Thank you all!

Mata

Roinnt: Gafa le mata - Lth 37-39 (Lean ar aghaidh le seo mura bhfuil sé déanta) (Continue with these pages, if they aren't completed)

Roinnt Fhada: Gafa le Mata lth 40-43

https://www.youtube.com/watch?v=1j5eWFQfLYc

https://www.homeschoolmath.net/online/division.php

- IXL – Fractions: K/J, Data and Graphs: S agus Division: D
- Division and Multiplication Tables – Topmarks https://www.topmarks.co.uk/maths-games/7-11-years/ordering-and-sequencing-numbers

Béarla

Roll of Thunder Hear My Cry – Continue reading chapter 7. If you have finished this, go on to chapter 8-9.

- Write a chapter review.
- Write a diary entry for Cassie Logan.
- Questions on chapter 7-8:

https://www.voorhees.k12.nj.us/cms/lib/NJ01000237/Centricity/Domain/2766/ROTHMC.pdf

Continue to work on your character profiles for the Logan family:

Schoolhouse:

- Using details from the book; draw or find a picture that represents the schoolhouse that the children attend.
- Add two quotations from the book.
- Use in text citation for your quotes.

Family Drawing:

- Draw a family picture that includes all members of the family.
- Draw the members in the clothes they would normally wear.
- Use colour in your picture.
- Write a paragraph description of the family.

Near and Dear Items:

- Pick three items that are important to your character
- Draw or glue them on the page
- Write beneath it what makes it a keepsake for your character

IXL English –B (Nouns) C (Pronouns)

Reading – One story from Edge of the Wild / The Jazzman.

- Creative Writing: Clink on the link below to watch the video. Retell the story in your own words as a 3rd person narrative (he) or retell the story in the 1st person either as Jack or his dog (I).
- https://www.literacyshed.com/megacity.html#

Comprehension work: https://readtheory.org/app/sign-up/create-account/s

Spellings: <ise> <ize>:

prize	advertise	surprise
capsize	comprise	televise
arise	despise	exercise
devise	disguise	compromise
advise	improvise	enfranchise
revise	surmise	disenfranchise

Spellings: Look up the definitions and put them into sentences.

Gaeilge

Úbalonga – Léigh agus freagair na ceisteanna don chéad caibidil eile
https://www.seideansi.ie/dep/files/workbooks/Ubalonga%20(Idirlion).pdf

Gráiméar an Draoi – An Aimsir Fháistineach An Dara Réimniú (Briathar caol) Léigh lth 43-45 Ceist 1-6 ar ltch 44 agus 45

Séimhiú agus urú: Léigh lth 108-109 agus déan na ceisteanna ar lth 110 & 111 (1-6)

https://www.youtube.com/watch?v=oQUPUKAqDPE

Vifax – Scéal Lúthchleasaíochta – Fís agus ceisteanna (Ceist 1-4)

http://vifax.maynoothuniversity.ie/wp-content/uploads/2017/10/20120117bun.pdf

http://vifax.maynoothuniversity.ie/cartlann/sport/

Bain súp as: Cé mhéad agus Cúpla: https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/aonad03a.pdf

An Fleiscín: https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/aonad05-an-fleiscin.pdf

Cluichí/ léitheoireacht ar líne: Consain agus Gutaí: https://www.seideansi.ie/consain-agus-gutai.php

Gutaí: https://www.seideansi.ie/gutai.php

Léamhthuisicint (Comprehension) Beatha Le Bua: Léigh agus freagair na ceisteanna:

Anne Frank:
http://www.nicurriculum.org.uk/docs/inclusion_and_sen/beatha_le_bua/series_2/Anne_Frank.pdf

Ceisteanna:
http://www.nicurriculum.org.uk/curriculum_microsite/beatha_le_bua/docs/leabhar_saothair/Beatha_Le_Bua_LS_Anne_Frank.pdf

Jk Rowling:
http://www.nicurriculum.org.uk/docs/inclusion_and_sen/beatha_le_bua/series_1/JK_Rowling.pdf

Ceisteanna:
http://www.nicurriculum.org.uk/curriculum_microsite/beatha_le_bua/docs/leabhar_saothair/Beatha_Le_Bua_LS_JK_Rowling.pdf

Litriú: <óg mar fhuaim 'óig'>;

bróg	míoltóg
créafóg	ordóg
crannóg	seamróg
bábóg	dallamullóg
ciaróg	gabhlóg
feadóg	cábóg

‹eog mar fhuaim eoig›

brídeog	fáinleog
driseog	fuinneog
spideog	fuinseog
bileog	fuiseog
cuileog	
duilleog	

Scríobh síos cad is brí leo agus cuir iad isteach in abairtí.

Eolaíocht:

Forsaí/ Forces

Lth 108-109 Léigh agus bain triail as na turgnaimh

https://www.twinkl.ie/search?term=forces

Free twinkl account: www.twinkl.ie/offer and enter the code IRLTWINKLHELPS

Déan d'ulóg féin

Powerpoint 3 Ulóga: https://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum/aiseanna-bunscoil/feach-thart-rang-5/feach-thart-eolaiocht-rang-5/

Stair:

Cumadóirí/Eolaithe cáiliúla (Inventors/famous scientists)

An Stair Mórthimpeall Orm 5: Léigh 'Níl aon tinteán mar do thinteán féin' lth 22-25

- Déan tionscadal ar chumadóir/aireagán (invention)
- Scríobh faoi haireagán nach bhfuil déanta ag aon chumadóir go fóill.

https://www.twinkl.ie/resource/t2-d-040-famous-inventors-and-inventions-lesson-teaching-pack

Timpeall an Domhain 5: Léigh 'Eolaithe cáiliúla' lth 142-143 agus freagair na ceisteanna

https://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum/aiseanna-bunscoil/feach-thart-rang-5/feach-thart-rang-5-stair/

Tíreolaíocht:

Timpeall an Domhain: Léigh 'Aire don timpeallacht' lth 88-89 agus freagair na ceisteanna.

https://www.twinkl.ie/resource/t-t2-073-plastic-pollution-resource-pack

https://www.twinkl.ie/resource/au-t2-d-80-sustainability-powerpoint

Frithchuimilt agus Gluaiseacht

Chonaiceamar cheana conas a ghintear teas nuair a chuimlíonn dhá dhromchla in aghaidh a chéile chun frithchuimilt a dhéanamh. Úsáid eile atá ag frithchuimilt ná gur féidir léi moill nó stad iomlán a chur le gluaiseacht rudaí.

Cleachtaí

Féach ar na leanaí seo agus iad ag tástáil rudaí éagsúla agus iad ag féachaint cé acu a rachaidh an fad is mó síos an fána.



1. Cad iad na rudaí éagsúla atá á dtástáil ag na leanaí?
2. Cad iad na trí rud a fhanfaidh mar an gcéanna chun go mbeidh an triail cothrom?
3. Ainmnigh rud amháin a athraíonn gach uair a dhéanann na leanaí triail.
4. Conas a thomhasann na leanaí torthaí na dtrialach?
5. Smaoinigh ar dhóigh eile leis na torthaí a thomhas.

Le Déanamh

Déan an triail chéanna i do sheomra ranga féin. Is féidir leat rudaí eile a thriail nó is féidir an fána a athrú. Ansin cuir na habairtí seo thíos le chéile.

Dromchla garbh	ní chuireann sé moill ar ghluaiseacht rudaí.
Dromchla mín	cuireann sé moill ar ghluaiseacht rudaí.
Dromchla le leacht air	ní chuireann sé mórán moille ar ghluaiseacht rudaí.

Le Déanamh

Féach ar na pictiúir seo agus abair cén éifeacht a bheidh ag na dromchlaí éagsúla ar ghluaiseacht an dá charr.



Féach ar an eitleán. Tarlaíonn frithchuimilt idir sholad (an t-eitleán) agus gás (an t-aer). Cad é mar gheall ar an eitleán a laghdaíonn frithchuimilt?

Imtharrraingt agus Meáchan

Ní éiríonn rudaí den talamh chun eitilt i dtreo an spáis, mar go bhfuil fórsa imtharraingthe ann a tharraingíonn i dtreo lár an domhain iad. Tá imtharraingt ag pláinéid eile fosta. Tá imtharraingt ag an ngealach ach níl sé chomh láidir le himtharraingt an domhain. Mar gheall air sin is féidir le spásaire léim suas go han-ard ar an ngealach.

Bíonn tionchar ag imtharraingt na gealaí ar ár gcoirp i ngan fhios dúinn féin. Má tá tú i do shuí ag léamh an leathanaigh seo, tá imtharraingt ag iarraidh tú a tharraingt i dtreo na talún. Tá a fhios ag do chorp cé mhéad brú gur gá a úsáid le tú a choinneáil suas díreach i do chathaoir!

▲ Tionchar an imtharraingthe ar an domhan

Le Déanamh

Coinnigh leabhar sínte amach os do chomhair ar feadh cúpla nóiméad. An mothaíonn tú an fórsa imtharraingte ag tarraingt do lámh anuas? Tá do chorp ag éirí tuirseach ó bheith ag brú in aghaidh an fhórsa imtharraingthe.

Turgnamh: An dtiteann rud trom níos gaiste ná rud éadrom?

Ag teastáil: dhá rud dobhriste atá thart ar an mhéid agus ar an gcruth céanna, ach nach bhfuil an meáchan céanna acu; cathaoir; comrádaí

Le déanamh:

1. Seas ar an urlár agus beir ar rud amháin i ngach lámh.
2. Sín do lámha amach os do chomhair.
3. Tomhais cén rud is gaiste a thitfidh.
4. Lig do na rudaí titim go cúramach ag an am ceannann céanna.
5. Bíodh do chomrádaí ag féachaint cé acu a bhuailfidh an talamh ar dtús.
6. Seas ar chathaoir agus féach an bhfuil an toradh céanna ann. Bí cinnte go bhfuil greim ag duine eile ar an gcathaoir.

Cad a tharla? Scríobh síos na torthaí agus smaoinigh ar shlí leis na torthaí a chur i gcomparáid le torthaí daoine eile sa rang.

Le Déanamh

Cum triail le píosaí olann chadáis atá ar aon mhéid lena chéile. An féidir leis na píosaí éagsúla titim ag luasanna éagsúla?
Leid: Athraigh cruth na holla cadáis!

Obair Ghréasáin

www.sciencemonster.com Gabh chuig an leathanach dar teideal "Gravity and Inertia".

4 Níl aon Tinteán mar do Thinteán Féin

An Bulba Leictreach Chruthaigh Thomas Edison agus Joseph Swan é i 1878/79.

Leabhar Chlóbhuail Gutenburg an chéad leabhar mór i 1455. Ba é an Bíobla é.

Clog I 1335 thóg duine éigin an chéad chlog meicniúil riamh san Eoraip.

Folúsghlantóir Chruthaigh Hubert Booth é i 1901.

Raidió Chruthaigh Guglielmo Marconi é i 1895.

Dlúthdhiosca Rinne siad an chéad cheann i 1980.

Guthán Chruthaigh Alexander Graham Bell é i 1876.

Teas Lárnach D'úsáid Rómhánaigh tine mhór amháin chun teas a chur timpeall an tí i bpíobáin.



Coinneal Rinne daoine na chéad choinnle breis is 2,000 bliain ó shin.

Tirimtheoir Gruaige agus Measchóirí Bia Ar fáil um 1920.

Téama Ginearálta: Staidéar áitiúil
Téama an Aonaid: An Baile

Déanann daltaí staidéar ar uirlisí sa teach agus faigheann siad tuiscint ar chróineolaíocht dá réir.





An leithreas Sruthlaithe Chruthaigh Sir John Harrington é i 1594.

An Scuab fiacaile D'úsáid na Sínigh ar dtús í. Tháinig sí chun na hEorpa i 1650.

Rásúr I 1901 chruthaigh King Camp Gillette an rásúr a raibh lann indiúscartha leis.

Tóstaer Leictreach D'úsáid daoine ar dtús é i 1909.

Inneall Níocháin Chruthaigh an Meiriceánach Alva J Fisher an chéad cheann i 1907.

An Cuisneoir Chruthaigh Jacob Perkins é i Meiriceá i 1834.

Oigheann Micreathonnach Chruthaigh An Dr. Percy LeBaron Spencer an micreathonn, de bharr taighde ar radar sna 1950dí.

Brú-Chócaire Chruthaigh Denis Papin é i 1679.

Citeal Leictreach Ar fáil um 1900.

Canna Stáin Chruthaigh Peter Durand cannaí stáin do bhia i 1810.

Forc Chruthaigh na Rómhánaigh foirc a bhfuil dhá bheangán orthu.

1920.

Déan Scrúdú ar do Theach Féin!

Tá sé deacair a shamhlú nach raibh do theach ann riamh tráth, nó go raibh daoine eile ina gcónaí sa teach romhat! Déan scrúdú ar do theach faoi mar a dhéanann staraí scrúdú ar sheanchaisleán. B'fhéidir go mbeidh comharsa eolach ábalta cabhrú leat. Seo duit roinnt ceisteanna a bheidh úsáideach.

1. Cén bhliain a thóg na tógálaithe do theach?
2. Cén uair a bhog do theaghlach isteach?
3. Ar tháinig aon athrú ar do theach, mar shampla, síneadh tí, fuinneoga nua, doirse nua nó patio?
4. Sular thóg na tógálaithe do theach an raibh an talamh in úsáid ar bhealach éigin eile?
5. Cén chuma a bhí ar an gceantar timpeall ort?
6. An féidir leat aon seanghrianghraf de do cheantar a fháil?
7. Cad é an chiall atá le hainm do shráide?
8. Déan amlíne ranga de bhur dtithe. Cuir iad san ord inar thóg na tógálaithe iad.

Taobh thiar den Doras

Ta daoine ina gcónaí ina lán tithe éagsúla in Éirinn. Roghnaigh cúpla teach i do cheantar atá difriúil ó do theach féin. Roghnaigh tithe a thóg daoine i dtréimhsí difriúla. Roghnaigh teach scoite, leath-scoite nó ceangailte ar an dá thaobh, árasán, bungaló nó carbhán.

- Má tá aon ghné speisialta ann sna tithe, tarraing é agus taispeáin do na daltaí eile é.
- Déan nóta de chosúlachtaí agus d'éagsúlachtaí.
- Cén saghas tí is comónta i do cheantar?

Ár nlarsmalann Ranga

Is rud é déantán a rinne duine éigin fadó. B'fhéidir go bhfuil déantáin agat sa bhaile thuas san áiléar; seanbhréagán, clog, iarann, buidéal te, uirlis chistine nó scríbhneoireachta, uirlis feirme, ceamara, nó seanphictiúr. Tá seans ann go mbeidh cead agat iad a thabhairt ar scoil chun iarsmalann ranga a chruthú. Sa rang cuir lipéad ar gach déantán, agus scríobh cur síos ar an lipéad sin, faoi mar a dhéanann siad in iarsmalann. Déan taispeántas díobh sa seomra ranga nó sa phasáiste. Tá sé tábhachtach aire a thabhairt dóibh agus iad a choinneáil sábháilte.



Clár níocháin

Ceamara

Guthán

Iarann

Déan

Fill bileog A4 ina dhá leath. Chlóbhuail nó scríobh aon eolas faoin déantán ar an bpáipéar mar lipéad eolais.

Scrúdaigh

Féach ar na pictiúir seo de nithe a bhí i dteach fadó.

- Ainmnigh na nithe go léir atá thíos.
- An bhfuil a fhios agat conas a d'oibrigh siad?

EOLAÍOCHT STAIR

65 – Eolaithe Cáiliúla

Thomas Edison

▲ Solas Edison

Thosaigh Thomas Edison a shaol ag obair ar na bóithre iarainn. Lá amháin agus traein ag teacht, shiúil páiste óg amach ar an ráille traenach. Léim Edison anuas ar an ráille, rug sé ar an leanbh agus luigh sé síos go gasta idir na ráillí agus an leanbh thíos faoi. Chuaigh an traein tharstu, díreach os a gcionn. Bhí athair an linbh an-bhuíoch d'Edison. D'oibrigh sé in oifig an teileagraim. D'fhiafraigh sé d'Edison an raibh aon rud go bhféadfadh sé a dhéanamh lena bhuíochas a chur in iúl dó. D'iarr Edison air a mhúineadh dó conas an teileagram a úsáid. D'fhoghlaim Edison gach rud faoin teileagram agus thosaigh sé ag smaoineamh ar bhealaí go bhféadfaí é a fheabhsú.

Ba í an tsuim seo san eolaíocht a spreag Edison le breis is 1,000 uirlis nua a dhéanamh – an micreafón, an téipthaifeadán agus an gléas is cáiliúla dá chuid, an bolgán solais leictreach.

Bhí a fhios ag Edison go bhféadfaí solas a dhéanamh ach leictreachas a chur trí shlis mhiotail. An fhadhb a bhí ann ná go ndódh an slis mhiotail go gairid tar éis dó tosú ag soilsiú. Lá amháin agus é ar thuras campála bhris an slat iascaireachta bambú a bhí aige. Chaith sé isteach sa tine é. Agus é ag féachaint air ag dó go geal, d'fhiafraigh sé de féin an bhféadfadh sé bambú a úsáid in ionad miotail. Rinne sé trialacha le bambú ar feadh i bhfad. Fuair sé amach gur athraigh snáithín bambú go carbón nuair a cuireadh san oigheann é. Lean an bambú air ag lonrú ar feadh cúpla uair an chloig taobh istigh de bholgán gan aon aer ann. Is mar gheall air seo atá bolgáin solais mar atá siad sa lá atá inniu ann. An folús thart timpeall ar an bhfiliméad, breathnaíonn sé cosúil le snáithín. Is as miotal crua darb ainm tungstan a dhéantar na filiméid i mbolgáin solais na laethanta seo.

Percy Shaw

▲ Súile cait

Oíche amháin bhí Percy Shaw ag tiomáint abhaile ar bhóithre dorcha i Yorkshire i Sasana. Ní raibh aon soilse ar na bóithre agus bhí ceannsoilse a ghluaisteáin an-lag ar fad. Ba bheag nach ndeachaigh Shaw den bhóthar trí thimpiste, ach chas sé an roth stiúrtha díreach in am nuair a chonaic sé súile cait ag lonrú ar thaobh an bhóthair, agus tháinig sé slán.

Thosaigh Shaw ag smaoineamh ar phíosaí beaga lonracha cosúil le súile cait a chur ar an mbóthar chun cuidiú le tiománaithe an bóthar a fheiceáil níos fearr istoíche. Dhear sé frithchaiteoirí beaga ó scátháin, gloine agus rubar. Bhí an dearadh simplí go leor: aon uair a chuaigh gluaisteán thar shúil cait, thiocfadh píosa beag rubair anuas, díreach cosúil le mogall súile nó cuimilteoir gaothscátha, agus ghlanadh sé an frithchaiteoir.

Nuair a thosaigh An Dara Cogadh Domhanda sa Bhreatain, phéinteáil siad na línte bána ar na bóithre le péint dhubh ionas nach bhfeicfeadh eitleáin Ghearmánacha na bóithre ón spéir. Ní raibh tiománaithe in ann na bóithre a fheiceáil ach an oiread faraor! Bhí réiteach na faidhbe le fáil i súile cait Shaw.

Cuireadh na céadta daoibh sna bóithre, áit a bhféadfadh tiománaithe iad a fheiceáil go furasta ach nach bhféadfaí iad a fheiceáil ón spéir.

An Raibh a Fhios Agat?

Rinne an ceimicí Sasanach Joseph Swan bolgán solais cosúil le ceann Edison thart ar an am céanna agus aithnítear Swan mar chumadóir an bholgáin solais leictreach chomh maith le Edison.

Robert Boyle

Rugadh Robert Boyle i Lios Mór, Contae Phort Láirge i 1627. In aois a chúig mbliana déag dó agus é ar cuairt go dtí Flórans na hIodáile, chuir sé suim i saol Ghalileo agus thosaigh sé ag déanamh staidéir ar an eolaíocht. Nuair a bhí sé beagáinín níos sine, fuair a athair bás agus fuair Boyle a eastát mar oidhreacht. D'úsáid sé an saibhreas nua seo dá chuid lena shaol a thabhairt go huile agus go hiomlán don eolaíocht.

Fuair Boyle a lán rudaí an-tábhachtacha amach ó thaobh na heolaíochta de. Fuair sé amach nach féidir le lasair dó gan aer agus nach dtaistealaíonn fuaim i bhfolús. Chum sé triail d'aigéid chomh maith.

An bhfaca tú riamh brú-bhruthaire á úsáid? Má chonaic, tá riail eolaíoch feicthe agat agus é ag feidhmiú. Riail Boyle a thugtar ar an riail seo agus baineann sé le brú agus toirt. Tá obair cheimiceach Boyle, a rinne sé 250 bliain ó shin, fós an-tábhachtach sa lá atá inniu ann.

Francis Rynd

An bhfuair tú instealladh riamh ón dochtúir nó ón bhfiaclóir? Má fuair, gléas a rinne dochtúir ó Bhaile Átha Cliath, Francis Rynd, a thug an t-instealladh duit. I 1844 bhí Rynd ag cur cóir leighis ar bhean a bhí tar éis fulaingt ar feadh tamall fada le pian ina haghaidh. Bhí iarracht déanta aige cógais a thabhairt di le hól ach bhí an pian ródhona agus níor chuidigh na cógais léi ar chor ar bith. Phriocáil sé an craiceann ar aghaidh na mná agus lig sé don druga dul trí fheadán agus isteach faoina craiceann.

▲ Steallaire

Gan mhoill bhí an gléas a bhí cumtha ag Rynd in úsáid ag dochtúirí ar fud na hEorpa.

Roinnt blianta ina dhiaidh sin feabhsaíodh é nuair a cuireadh tumaire isteach ann. Lig sé seo do dhochtúirí cógais a instealladh níos tapúla agus lig sé dóibh samplaí fola a thógáil ó othair chomh maith chun tástáil a dhéanamh le haghaidh galair éagsúla.

Cleachtaí

1. Ainmnigh trí rud a chum Thomas Edison.
2. Conas a shábháil Edison beatha linbh amháin?
3. Cad iad súile cait?
4. Cé a chum iad?
5. Cá háit agus cá huair a rugadh Robert Boyle?
6. Cad a fuair sé amach?
7. Cén tslí bheatha a bhí ag Francis Rynd?
8. Cad a chum sé?
9. Cad a cuireadh leis an ngléas seo roinnt blianta ina dhiaidh sin le feabhas a chur air?
10. Cad a lig an píosa breise seo do dhochtúirí a dhéanamh?

TÍREOLAÍOCHT
EOLAÍOCHT

40 – Aire don Timpeallacht

Roimh 2002, d'úsáid muintir na hÉireann 1.2 billiún mála plaisteach gach aon bhliain. B'in 325 mála plaisteach do gach aon duine in Éirinn chuile bhliain! Ní raibh na málaí in ann lobhadh sa talamh ós rud é nach lobhann plaisteach. Fadhb mhór ab ea iad sa timpeallacht.

I 2002 thug an tAire Comhshaoil dlí isteach a dúirt go mbeadh ar gach duine a fuair mála plaisteach i siopa cáin a íoc air. Cheannaigh siopadóirí málaí a bhféadfaí iad a úsáid arís agus arís eile agus thosaigh úinéirí siopaí ag tabhairt amach málaí páipéir dá gcustaiméirí, rud a bhí i bhfad níos fearr don timpeallacht.

Pacáistiú

Tá trí chineál pacáistithe ann:

1. **Bun-phacáistiú:** An bosca nó an rud ina gcoimeádtar earra, mar shampla, feadán taos fiacla.
2. **Pacáistiú tánaisteach:** Bosca nó mála thart timpeall na bun-phacáistithe.
3. **Pacáistiú Iompair:** Boscaí agus cliathbhoscaí chun earraí a iompar ó áit amháin go háit eile.



▲ Siombail athchúrsála

Boscaí Bruscair Ghlasa agus Athchúrsáil

Suas go dtí le déanaí rinneadh dumpáil ar beagnach an bruscar ar fad a tháinig ó thithe. Ní raibh mórán spáis fágtha sna dumpaí, ámh, agus níorbh fhéad Comhairlí Contae áiteanna nua a fháil leis an mbruscar a dhumpáil iontu. De bhreis air seo bhí daoine ag éirí níos eolaí faoin dochar a dhéanann dumpáil don timpeallacht.

Anois, déanann an chuid is mó de theaghlaigh na hÉireann an bruscar a shórtáil le haghaidh athchúrsáil. Tugann siad buidéil chuig bainc bhuidéil, tugann siad stuif eile chuig ionaid athchúrsála agus déanann cuid de na daoine múirín don ghairdín as bia a bhíonn fágtha ag deireadh an lae. Gearrann sé seo ar fad síos ar an méid bruscair a théann go dtí an dumpa.

▲ Loisceoir

Loisceoirí

Is éard is loisceoir ann ná foirnéis a dhónn bruscar ag teocht an-ard. Úsáidtear iad chun dramhaíl dhainséarach, dramhaíl ó ospidéil mar shampla, a scrios go hiomlán. Chomh maith leis sin gearrann loisceoir síos ar an méid bruscair a théann isteach i ndumpaí. Tá faitíos ar roinnt daoine go ndéanann na ceimiceáin a thagann amach as loisceoirí an aer a thruailliú. Ach deir a lán eolaithe nach bhfuil na ceimiceáin sin contúirteach ar chor ar bith mar go ndónn an loisceoir gach rud ag teocht thar a bheith ard.

Truailliú Aeir

Tá ceithre chineál truaillithe aeir ann:

1. **Dé-ocsaíd sulfair:** Scaoiltear é seo isteach san aer nuair a dhóitear breosla le sulfar ann. Is ar éigean atá aon sulfar i ngás nádúrtha ach bíonn suas le 6 faoin gcéad sulfair in ola. Nuair a bhíonn bolcán ag brúchtadh is féidir leis tonnaí de dhé-ocsaíd sulfair a ligean isteach san atmaisféar.
2. **Toit:** Scaoilfidh sean-inneall scamaill toite isteach san aer. In Éirinn, caithfidh gluaisteáin dul faoi scrúdú darbh ainm an Scrúdú Náisiúnta Feithiclí (NCT) nuair a bhíonn aois áirithe sroichte acu. Scrúdaítear an leibhéal toite nó an leibheál astaíochta atá ag an ngluaisteán sna scrúduithe seo. Moltar do dhaoine in Éirinn gual neamhthoiteach a dhó má tá tine á lasadh acu ina dtithe. Má bhíonn tine an-te cruthaítear níos lú toite.
3. **Luaidh:** Innill pheitril is mó a scaoileann luaidh isteach san aer. Tá níos mó luaidhe san aer i gcathair Bhaile Átha Cliath ná mar atá san aer faoin tuath. Tá laghdú tagtha ar an méid luaidhe atá san aer i mBaile Átha Cliath, ámh, mar go n-úsáideann tiománaithe peitreal gan luaidhe.
4. **Ocsaídí nítrigine:** Gáis iad seo ar féidir leo cur isteach ar na scamhóga agus fadhbanna a chothú do dhaoine a bhfuil asma orthu. Tá an t-aer a ionanálaimid déanta de nítrigin den chuid is mó, ach cruthaítear ocsaídí nítrigine nuair a dhóitear peitreal agus díosal sna hinnill i ngluaisteáin agus in eitleáin. Cruthaíonn tintreach oscaíd nítrigine chomh maith. Ocsaídí nítrigine agus dé-ocsaíd sulfair is cúis le báisteach aigéadach.

Truailliú aeir ó ghléasra tionsclaíoch

Truailliú Laistigh

Is féidir leis an aer taobh istigh d'fhoirgneamh a bheith truaillithe chomh maith. Is féidir le toit ó thoitíní nó toit ó thine truailliú a dhéanamh air. Is féidir le múch ó phéint nó ó cheimiceáin eile a úsáidtear taobh istigh d'fhoirgneamh truailleáin a fhágáil san aer freisin.

I 2004, cuireadh dlí i bhfeidhm a chiallaíonn go gcaithfidh gach áit oibre a bheith saor ó thoit.

Cleachtaí

1. Cén dlí a tháinig i bhfeidhm i 2002?
2. Ainmnigh trí rud gur féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu.
3. Cén fáth go mbíonn pacáistiú tánaisteach geal agus tarraingteach de ghnáth?
4. Cad is loisceoir ann?
5. Ainmnigh na ceithre phríomhábhar is mó a thruaillíonn an t-aer.
6. Cad a d'fhéadfadh truailliú a dhéanamh ar an aer laistigh?
7. Cén dlí a tháinig i bhfeidhm i 2004?



Truailliú ó thoitín

EOLAÍOCHT STAIR

65 – Eolaithe Cáiliúla

1. Ceangail an t-eolaí leis an aireagán.

Thomas Edison ●	● súile cait
Percy Shaw ●	● steallaire
Roibeard Ó Baoill ●	● bolgán solais
Francis Rynd ●	● Dlí Uí Bhaoill

▲ Alexander Fleming

Baictéir is cúis le mórchuid galar. Tháinig Alexander Fleming ar an tuiscint gur féidir le hantaibheathaigh roinnt galar a chloí.

Bhí Alexander Fleming ag obair ina shaotharlann i Londain sa bhliain 1928. Bhí sé ag déanamh staidéir ar bhaictéir agus d'fhás sé baictéir in an-chuid miasa beaga. Bhí an saotharlann míshlachtmhar agus rinne sé dearmad na miasa a ghlanadh. Tháinig múscán orthu agus bhí Fleming ar tí iad a chaitheamh amach nuair a chonaic sé rud éigin ait. Ní raibh aon bhaictéar beo in aice leis an múscán. Rinne sé staidéar ar an múscán agus fuair sé amach gur d'fhine *penicillium* an múscán agus gur mharaigh sé an-chuid baictéar.

Lean eolaithe orthu ag déanamh staidéir ar an bpeinicillin. Bhí fear ag fáil bháis de bharr gortú ar a aghaidh: bhí baictéir ann sa ghortú. Tugadh peinicillin dó agus thosaigh sé ag bisiú. Ní raibh dóthain peinicillin ann áfach agus fuair sé bás.

Faoi dheireadh an Dara Cogadh Domhanda bhí Stáit Aontaithe Mheiriceá ag déanamh méid ollmhór peinicilline, an leigheas nua iontach.

2. Cathain a thógfá antaibheathaigh?
3. Cé a tháinig ar pheinicillin?
4. Cén chathair ina raibh sé ag obair?
5. An bhfaca tú múscán riamh? Cén dath atá air?
6. Cén fáth a raibh an-chuid peinicilline ag teastáil sna 1940í?
7. Conas a gheofá antaibheathaigh dá mbeifeá breoite?
8. An mbeadh sé ciallmhar antaibheathaigh a thógáil muna mbeifeá ach beagáinín beag breoite?
9. Cén saghas aireagáin ar mhaith leatsa teacht air?
10. Dá dteastódh uait a bheith i d'eolaí, conas a dhéanfá é seo?

Smaoinigh air seo
Déanann eolaithe turgnaimh ar ainmhithe i saotharlanna chun leigheasanna, uachtair agus seampúanna a thástáil le haghaidh daoine. Ar chóir dóibh?

Obair Ghréasáin

Is féidir liosta d'eolaithe cáiliúla na hÉireann a fháil ag an suíomh seo:
http://www.members.tripod.com/~Irishscientists/listof.htm

EOLAÍOCHT

48 – Fórsaí

Tá a lán cineálacha éagsúla fórsaí ann:

imtharraingt
fórsa leaisteach
fórsa maighnéadach
fórsa frithchuimilte
fórsa leictreach
fórsa gluaiseachta



1. Cén cineál fórsa a bhaineann le gach sampla thíos?
   a. Buaileann liathróid snúcair bhán liathróid snúcair dhearg agus brúnn sí i dtreo an phóca í. _____
   b. Baineann léimneoir cuaille úsáid as an síneadh sa chuaille chun cabhrú léi dul thar an mbarra. _____
   c. Titeann duilleoga ó chrann. _____
   d. Díríonn snáthaid an chompáis ó thuaidh. _____
   e. Soilsíonn bolgán solais nuair a chuirtear an lasc ar siúl. _____
   f. Cuimlíonn fear cipín ar dhromchla garbh chun é a lasadh. _____
2. An féidir leatsa smaoineamh ar shampla éagsúil de gach cineál fórsa?
   a. _____
   b. _____
   c. _____
   d. _____
   e. _____
   f. _____

Réimsí Fórsa

B'fhéidir go bhfaca tú réimsí fórsa in úsáid i scannáin ficsean eolaíochta. Rud dofheicthe é an réimse fórsa inar féidir fórsa a mhothú. Táimidne inár gcónaí i réimse fórsa dhomhantarraingt an Domhain.
Má chroitheann tú píosaí beaga iarainn timpeall ar mhaighnéad, glacfaidh siad cruth na réimse fórsa.

3. Samhlaigh réimse fórsa nua a cruthaíodh chun daoine agus ainmhithe a choimeád amach as áit ar leith. Tarraing pictiúr de.

Déan Ulóg

1. Cabhraíonn ulóg go mór le daoine chun rudaí a ardú, ach tá obair fhisiciúil riachtanach fós chun an ulóg a tharraingt. Is féidir leat ulóg a dhéanamh de lár rolla seilitéipe agus de roinnt cairtchláir láidir.
2. Gearr amach dhá chiorcal as cairtchlár atá beagán níos mó ná an rolla seilitéipe. Gearr dhá pholl i lár an chiorcail chairtchláir. Ba chóir go mbeadh na poill mór go leor le go rachaidís go héasca ar dhual agus go mbeidís in ann rothlú thart air. Greamaigh na ciorcail chairtchláir den rolla seilitéipe le gliú.
3. Nuair a thriomaíonn an gliú sleamhnaigh an ulóg ar an mbata duail.
4. Cuir píosa sreinge timpeall ar an ulóg. Iarr ar chara greim a choimeád ar an ulóg agus triail á baint agat aisti.



Déan Eitleán as Páipéar

1. Fill bileog A4 ina dhá leath agus oscail arís é. Cuir pléataí i gceathrú de fhad an pháipéir. Ba chóir do na pléataí a bheith 1cm ar leithead. Comhlárnaigh na pléataí uile le chéile.

2. Fill cúinní na bpléataí i dtreo líne an fhillidh i lár an pháipéir chun srón an eitleáin a dhéanamh.

3. Fill ina dhá leath é. Fill siar na sciatháin.

4. Beir greim ar an eitleán páipéir aon cheathrú den tslí siar ón srón agus caith go bog é. Téann sé ar foluain!





RABHADH!
Ná caith d'eitleán i dtreo duine ar bith.
D'fhéadfadh sé duine a bhualadh sa tsúil.

5. Bain triail as na roghanna seo.
   a. Bain triail as níos mó nó níos lú pléataí.
   b. Déan iarracht na sciatháin a dhéanamh chomh leathan agus is féidir.
   c. Bíodh comórtas agat le do chairde féachaint cén t-eitleán is faide a eitlíonn.